# Teagmháil agus Tnúthán

## Staidéar ar an Apastróf i bhFilíocht na Nua-Ghaeilge



Marie Whelton

Whelton, M., *Teagmháil agus Tnúthán: Staidéar ar an Apastróf i bhFilíocht na Nua-Ghaeilge*. An Sagart: An Daingean, 2008. 464 leathanach. Foilsithe. Achoimre: Cóip an Údair

## **Achoimre / Abstract**

# Teagmháil agus Tnúthán

Dán agus Tallann 14

Is é is cuspóir don leabhar taighde seo ná tábhacht na hapastróife mar theicníc liteartha i bhfilíocht na Nua-Ghaeilge a léiriú agus a mheas. Déantar é sin trí leitheadúlacht na hapastróife san fhilíocht fhoilsithe a thabhairt chun suntais; trí iniúchadh aeistéitiúil a dhéanamh ar an apastróf i dtéacsanna apastrófacha ionadaíocha ón dara haois déag ar aghaidh; agus trí ról na hapastróife i bhfilíocht na Gaeilge a chur i gcomparáid leis an ról a shamhlaítear leis an bhfíor sa taighde idirnáisiúnta atá déanta uirthi.  Áitítear gur straitéis fhileata í an apastróf a chuidíonn leis na filí a gcaidreamh polaitiúil, a gcaidreamh pearsanta agus a gcaidreamh spioradálta a chíoradh. An dá cheann de speictream an chaidrimh, an teagmháil agus an tnúthán, a thugann fráma tagartha don leabhar.